Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**8077/1/23**
**REV 1**

**MI 265**
**ENT 74**
**COMPET 299**
**CHIMIE 33**
**ENV 341**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle an ... lena gceaptar 16 Chomhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA)<br>- Glacadh |

1. An 6 Bealtaine 2021, rinne an Chomhairle[1] athnuachan go ceann 4 bliana eile ar na ceapacháin chéad téarma agus ghlac sí ceapacháin nua do 12 comhaltaí ar fad de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) don tréimhse ón 1 Meitheamh 2021 go dtí an 31 Bealtaine 2025, i gcomhréir le hAirteagal 79 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006[2].

[1] Cinneadh ón gComhairle an 6 Bealtaine 2021 lena gceaptar 12 comhaltaí de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán IO C 185, 12.5.2021, lgh. 4–5;

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

Lena Cinneadh roimhe seo an 27 Bealtaine [...] **2019**[3] faoi seach, cheap an Chomhairle [...] **15** chomhalta den Bhord Bainistíochta. Ar bhonn na gCinntí thuasluaite ón gComhairle, tá sainordú nua dlite do 16 Chomhalta.

2. Idir an 31 Eanáir agus an 28 Aibreán 2023, fuair an Chomhairle na 16 ainmniúchán 4 bliana don dara téarma ón nGearmáin, ón gCipir, ón Liotuáin, ó Mhálta, ón Rómáin, ón mBulgáir, ón bPolainn agus ón nGréig, agus ón bhFrainc, ón tSlóvaic, ón Laitvia, ón bPortaingéil, ó Éirinn, ón Eastóin, ón mBeilg agus ón Danmhairg le haghaidh téarma nua le haghaidh Comhaltas ar Bhord Bainistíochta ECHA don tréimhse ón 1 Meitheamh 2023 go dtí an 31 Bealtaine 2027.

3. I bhfianaise an mhéid sin, moltar go n-iarrfaidh Coiste na mBuanionadaithe ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an Cinneadh ón gComhairle, mar a leagtar amach é in 8076/23 (an téacs arna athbhreithniú ag na saineolaithe dlí agus teanga), a ghlacadh mar mhír gan é a phlé ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;
– a chomhaontú go bhfoilseofar an Cinneadh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[3] Cinneadh ón gComhairle an 27 Bealtaine 2019 lena gceaptar 15 chomhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán, [...] **IO C 185/03, 29.05.2019, lgh. 4.**